



**ADVANCED
General Certificate of Education
2012**

Uimhir Lárionaid

71

Uimhir larrthóra

Ceimic

Aonad Measúnaithe A2 2

ag measúnú

Ceimic Anailíseach, Miotail Thrasdultacha,
Leictriceimic agus Ceimic Orgánach Bhreise

[AC222]



AC222

DÉ CÉADAOIN 23 BEALTAINE, IARNÓIN

AM

2 uair an chloig.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir larrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

Freagair **gach ceann** de na **seacht** gceist **déag**.

Freagair **gach ceann** de na **deich** gceist i **Roinn A**. Taifead do chuid freagraí tríd an litir chuí a mharcáil ar an leathán freagraí atá ar fáil. Ná húsáid ach na spásanna atá uimhrithe 1 go 10. Coinnígh an seicheamh agus tú ag freagairt na gceisteanna.

Freagair **gach ceann** de na **seacht** gceist i **Roinn B**. Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	Marcanna

Roinn A

1–10

Roinn B

11

12

13

14

15

16

17

Marc Iomlán

FAISNÉIS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 120 an marc iomlán don pháipéar seo.

Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceist **16(c)(i)**.

Tá an marc céanna ag dul do na ceisteanna uilig i Roinn A, .i. dhá mharc do gach ceist.

I Roinn B léiríonn na figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanach an marc atá ag dul do gach ceist nó do chuid de cheist.


Tá Tábla Peiriadach na nDúl (roinnt sonrai san áireamh) ar fáil.

Roinn A

I gcás gach ceann de na ceisteanna seo a leanas níl ach **ceann amháin** de na freagraí litreach (A-D) ceart.

Roghnaigh an freagra ceart i ngach cás agus marcáil a chódlitir trí na poncanna a cheangal mar atá léirithe ar an leathán freagraí.

- 1 Cén ceann acu seo a leanas a bhaineann leis an imoibriú ar mhalartú liogainne a thaispeántar?




	Athrú ar Uimhir Chomhordúcháin	ΔS^\ominus
A	6 go 3	diúltach
B	6 go 3	deimhneach
C	athrú ar bith	diúltach
D	athrú ar bith	deimhneach

- 2 Cén ceann acu seo a leanas ina bhfuil na comhdhúile liostatthe in ord méadaitheach maidir le neart buin?

- A eatánameid, meitiolaimín, feiniolaimín
- B eatánameid, feiniolaimín, meitiolaimín
- C meitiolaimín, eatánameid, feiniolaimín
- D feiniolaimín, eatánameid, meitiolaimín

- 3 Anseo thíos tá imoibriú 4-hiodrocsaifeiniolaimín le paraicéiteamól a tháirgeadh.




Má tá táirgeacht 80% ann san imoibriú, is é a tháirgfidh 10.9 g de 4-hiodrocsaifeiniolaimín

- A 12.1 g de pharaicéiteamól.
- B 13.6 g de pharaicéiteamól.
- C 15.1 g de pharaicéiteamól.
- D 18.9 g de pharaicéiteamól.

- 4** Cén ceann de na modhanna seo a leanas a d'fhéadfaí a úsáid le meascán d'aimínaigéid, a fuarthas ó hidrealú próitéine, a dheighilt?
- A driogadh
 - B athchriostalú
 - C eastóscadh tuaslagóra
 - D crómatagrafaíocht chaolchisil
- 5** Cén ceann acu seo a leanas ar ráiteas ceart é maidir leis an steiréiceimic den choimpléasc $[\text{Pt}(\text{NH}_3)_2\text{Cl}_2]$?
- A Tá sé cearnphlánach agus tá cis/trans-isiméirí aige.
 - B Tá sé cearnphlánach agus tá dhá isiméir optúla aige.
 - C Tá sé teitrihéidreach agus tá cis/trans-isiméirí aige.
 - D Tá sé teitrihéidreach agus tá dhá isiméir optúla aige.
- 6** Cuireadh 25.0 cm^3 de thuaslagán iadáit(V) photaisiam le farasbarr de thuaslagán iaidíd photaisiam a bhí tuaslagtha in aigéad sulfarach. Bhí 30.0 cm^3 de thuaslagán $\text{Na}_2\text{S}_2\text{O}_3$ dar tiúchan 0.05 mol dm^{-3} de dhíth ar an iaidín a scaoileadh. Cén ceann acu seo a leanas arb é an tiúchan é den tuaslagán iadáit(V) photaisiam?
- A 0.01 mol dm^{-3}
 - B 0.02 mol dm^{-3}
 - C 0.04 mol dm^{-3}
 - D 0.05 mol dm^{-3}
- 7** Cén ceann acu seo a leanas a thugann an chumraíocht leictreonach bunstaide don adamh copair agus don ian copair(II)?
- | | adamh copair | | ian copair(II) |
|---|-----------------------------------------|--------------------------------------|----------------|
| A | $1s^2 2s^2 2p^6 3s^2 3p^6 3d^9 4s^2$ | $1s^2 2s^2 2p^6 3s^2 3p^6 3d^9$ | |
| B | $1s^2 2s^2 2p^6 3s^2 3p^6 3d^9 4s^2$ | $1s^2 2s^2 2p^6 3s^2 3p^6 3d^7 4s^2$ | |
| C | $1s^2 2s^2 2p^6 3s^2 3p^6 3d^{10} 4s^1$ | $1s^2 2s^2 2p^6 3s^2 3p^6 3d^8 4s^1$ | |
| D | $1s^2 2s^2 2p^6 3s^2 3p^6 3d^{10} 4s^1$ | $1s^2 2s^2 2p^6 3s^2 3p^6 3d^9$ | |

- 8 Taispeánann an léaráid seo thíos toirtmheascadh tuaslagán iain mhaignéisiam le edta agus T eireacróm dubh in úsáid mar tháscaire.



Cad é an t-athrú datha ag an chríochphointe?

- A gorm go dearg
 - B glas go gorm
 - C dearg go glas
 - D dearg go gorm
- 9 Cén ceann de na ráitis seo a leanas **nach** bhfuil ceart maidir le glicín?
- A Tá leáphointe measartha ard aige.
 - B Tá 32% carbóin de réir maise ann.
 - C Tá sé ann mar isiméirí optúla.
 - D Tá sé intuaslagtha in uisce.
- 10 Cén ceann de na ráitis seo a leanas **nach** bhfuil ceart maidir le própainil?
- A Táirgeann sí buaic M+1 ar 73 sa speictream maise aici.
 - B Is féidir í a dhíhiodráitiú le própán-nítril a fhoirmiú.
 - C Is é C_3H_7NO an fhoirmle mhóilíneach atá aici.
 - D Is bun níos laige ná amónia í.


LEATHANACH BÁN

(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)

Roinn B

Freagair gach ceann de na seacht gceist sna spásanna chuige sin.

- 11 Tá an t-aimínghrúpa le fáil in aimní. Bíonn feiniolaimín in úsáid le hasó-chomhdhúile a shintéisiú. Amharc ar an seicheamh céimeanna seo a leanas:



- (a) (i) Ainmnigh na himoibrithe atá in úsáid sna céimeanna seo a leanas.

A _____ [2]

B _____ [1]

C _____ [2]

- (ii) Luaigh na coinníollacha atá in úsáid i gcéim C agus ainmnigh an táirge.



_____ [2]

- (iii) Tarraing an struchtúr atá ar an asó-chomhdhúil. Cuir síos ar an chuma atá uirthi agus ainmnigh an chomhdhúil.

_____ [3]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

- (b) Tá an t-aimínghrúpa le fáil chomh maith in aimínaigéid amhail lísín agus vailín.



- (i) Tarraing an svitirian de vailín.

[1]

- (ii) Tarraing an struchtúr de lísín nuair atá sé tuaslagtha i *bhfarasbarr* d'aigéad láidir.

[2]

- (iii) Tarraing na struchtúir atá ar an **dá** dhépheiptíd is féidir a fhoirmiú ó mhóilín amháin de ghlicín agus móilín amháin d'alainín. Ciorclaign an nasc peiptíde i ngach struchtúr.

[3]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

- 12** Is féidir poitéinsil chaighdeánacha leictreoide a úsáid le féidearthacht imoibrithe a réamh-mheas.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

E^\ominus/V

$\text{Na}^+(\text{aq}) + \text{e}^- \rightleftharpoons \text{Na}(\text{s})$	-2.71
$\text{Mg}^{2+}(\text{aq}) + 2\text{e}^- \rightleftharpoons \text{Mg}(\text{s})$	-2.37
$\text{Al}^{3+}(\text{aq}) + 3\text{e}^- \rightleftharpoons \text{Al}(\text{s})$	-1.66
$\text{Zn}^{2+}(\text{aq}) + 2\text{e}^- \rightleftharpoons \text{Zn}(\text{s})$	-0.76
$\text{Cr}^{3+}(\text{aq}) + \text{e}^- \rightleftharpoons \text{Cr}^{2+}(\text{aq})$	-0.41
$2\text{H}^+(\text{aq}) + 2\text{e}^- \rightleftharpoons \text{H}_2(\text{g})$	0.00
$\text{Fe}^{3+}(\text{aq}) + \text{e}^- \rightleftharpoons \text{Fe}^{2+}(\text{aq})$	+0.77

- (a)** Sainmhínigh an téarma **poitéinseal caighdeánach leictreoide**.

[3]


- (b)** Ón tábla, roghnaigh an speiceas arb é an dí-ocsáideoir is cumhachtaí é.

[1]

- (c)** Scríobh an chothromóid don imoibriú idir alúmanam agus iain since uiscí agus ríomh an f.l.g. (e.m.f.).

[3]

(d) Is é +0.32 V f.l.g. na cille seo thíos faoi choinníollacha caighdeánacha.



Ríomh an poitéinseal caighdeánach leictreoide don leathchill iarainn.

[1]

- 13 Is teicníc anailíseach thábhachtach í speictreascópacht athshondais mhaighnéadaigh núicléach (nmr).

(a) Sa cheist seo thíos, tarraing struchtúr amháin a d'fhéadfadh a bheith ar gach ceann de na comhdhúile A, B, C agus D.

(i) Is isiméirí darb foirmle mhóilíneach $C_4H_8O_2$ iad comhdhúile A agus B. Tá tripléad, singléad agus ceathairéad acu araon sa speictream nmr acu.

A

B

[2]

(ii) Is é C_6H_{12} an fhoirmle mhóilíneach atá ag comhdhúil C agus níl ach buaic amháin aici sa speictream nmr aici.

[1]

(iii) Is é $C_5H_{13}N$ an fhoirmle mhóilíneach atá ag comhdhúil D.
Is aimín treasach í ag a bhfuil 3 chineál d'adamh hidrigine atá coibhéiseach go ceimiceach agus atá ann sa chóimeas 6:6:1 agus a tháirgeann dúibléad sa speictream nmr.

[1]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

- (b) Is teicníc anailíseach thábhachtach eile í mais-speictriméadracht.

Táirgeann aigéad 2-clóraphrópánóch buaiceanna móilíneacha iain ar 108 agus 110. Chomh maith leis seo, táirgeann sé bloghbhuac shuntasach ar 91.

- (i) Cad chuige, dar leat, a bhfuil **dhá** buaic mhóilíneacha iain ann?

[2]

- (ii) Sainaithin an blogh-ian.

[2]

- (iii) Leis an tábla a chomhlánú, luaigh na luachanna suimeála agus an scoilteadh do gach buaic sa speictream nmr den aigéad 2-clóraphrópánóch.

	Buaic 1	Buaic 2	Buaic 3
Suimeáil	3		
Scoilteadh			singléad

[4]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

- 14** Tá iain iarainn(II) mar chuid de struchtúr haemaglóbine. Ólann cuid mhór daoine “táibléid iarainn” le cur leis an aiste bia acu. Tá sulfáit iarainn(II) hiodráitithe, $\text{FeSO}_4 \cdot 7\text{H}_2\text{O}$ sna táibléid seo.

- (a) Tuaslagadh “táibléid iarainn” dar mais iomlán 8.00 g i gcaolaigéad sulfarach agus rinneadh an tuaslagán suas go dtí 250 cm^3 i bhfleascán toirtmhéadrach. Rinneadh codanna 25.0 cm^3 den tuaslagán seo a thoirtmheascadh le manganáit(VII) photaisiam aigéadaithe dar tiúchan 0.02 mol dm^{-3} . Ba é 24.0 cm^3 an meántítear a fuarthas.
- (i) Scríobh an chothromóid don imoibriú idir iain mhanganáite(VII) aigéadaithe agus iain iarainn(II).

[2]

- (ii) Cad é an t-athrú datha ag an chríochphointe den toirtmheascadh seo?

[2]

- (iii) Ríomh an céatadán den tsulfáit iarainn(II) hiodráitithe sna táibléid.

[5]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

- (b) Is mar aigéad Brønsted a bhíonn an t-ian $[Fe(H_2O)_6]^{3+}$ ag iompar nuair a chailleann sé aon ian hidrigine amháin.

- (i) Scríobh cothromóid a thaispeánfaidh go bhfuil $[Fe(H_2O)_6]^{3+}$ ag iompar mar aigéad Brønsted.

[2]

- (ii) Scríobh an slonn don tairiseach díthiomsúcháin aigéid den ian $[Fe(H_2O)_6]^{3+}$.

[1]

- (iii) Cad é a bhíonn le feiceáil nuair a chuirtear tuaslagán hiodrocsaíd sóidaim le tuaslagán a bhfuil iain $[Fe(H_2O)_6]^{3+}$ ann?

[2]

- (iv) Cuir síos ar thástáil cheimiceach eile, agus breathnuithe san áireamh inti, is féidir a úsáid leis na tiúchain íse de na hiain $[Fe(H_2O)_6]^{3+}$ a aimsiú. Luaigh an fhoirmle atá ar aon choimpléasc nua a fhoirmítear.

[4]

- (c) Déan tagairt do na hiain iarainn(II) i haemaglóibin agus mínígh cad chuige a bhfaigheadh duine bás mar gheall ar aonocsaíd charbón a analú.

[2]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

- 15** Tá beinséin tocsaineach agus carcanaigineach. Is féidir, áfach, substaintí eile amhail beansóáit meitile (própocsacarbasón) a úsáid leis na himoibrithe de chomhdhúile aramatacha a fhiosrú sa tsaotharlann.

- (a) Tá na leictreoin sna naisc π i mbeinséin dílogánaithe. Tarraing dhá struchtúr do bheinséin a thaispeánfaidh na p-fhithiseán roimh an dílogánú agus ina dhiaidh.

roimhe

ina dhiaidh

[2]

- (b) Is féidir “meascán níotráithe” d’ aigéad tiubhaithe nítreach agus d’ aigéad tiubhaithe sulfarach a úsáid le beansóáit meitile a níotráitiú.

- (i) Scríobh cothromóid lena thaispeáint cad é mar a imoibríonn an dá aigéad seo nuair a mheasctar iad.

_____ [2]

- (ii) Ainmnigh an t-ian a tháirgtear san imoibriú seo agus a ionsaíonn an móilín beansóáit meitile.

_____ [1]

- (iii) Tarraing sreabhscéim leis an mheicníocht de monai-níotráitiú beansóáit meitile a thaispeáint agus ainmnigh an mheicníocht.

Ainm na meicníochta _____ [4]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

(iv) Ainmnigh táirge orgánach an imoibrithe seo.

[1]

(v) Cuir síos ar an chuma atá ar an táirge orgánach seo.

[2]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

- 16** Déanann miotail thrasdultacha iain choimpléascacha daite agus tá siad ann i raon de staideanna ocsaídithe.

- (a) I dtéarmaí struchtúir leictreon, mínígh cad chuige nach miotal trasdultach é sinc.


[2]

- (b) Is féidir sinc a úsáid i láthair aigéid leis an ian VO_2^+ a dhí-ocsáidiú go dtí V^{2+} . Déantar sinc a ocsáidiú le hiain Zn^{2+} a fhoirmiú.

- (i) Scríobh leathchothromóid le haghaidh dí-ocsáidiú VO_2^+ go V^{2+} .

[2]

- (ii) Cuingrigh an leathchothromóid thuas leis an leathchothromóid ocsaídithe seo a leanas:



leis an chothromóid ianach a fháil don imoibriú.

[2]

- (iii) Nuair a dhéantar an dí-ocsáidiú seo sa tsaotharlann bíonn sraith d'athruithe datha le feiceáil. Comhlánaigh an tábla seo a leanas.

Ian	Dath
VO_2^+	
	Gorm
	Glas
V^{2+}	

[4]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

- (c) Is féidir salann chróimiam(III), amhail clóiríd chróimiam(III) hidráitithe, $\text{CrCl}_3 \cdot 6\text{H}_2\text{O}$, a ocsáidiú le déchrómáit photaisiam ($\text{K}_2\text{Cr}_2\text{O}_7$) a ullmhú.

- (i) Cuir síos ar ullmhúchán déchrómáit photaisiam ó chlóiríd chróimiam(III) hidráitithe. Luagh na breathnuithe uilig.

[6]

Caighdeán na cumarsáide scríofa

[2]

- (ii) Nuair a bhí 13.33g de chlóiríd chróimiam(III) hidráitithe in úsáid, fuarthas 2.93g de dhéchrómáit photaisiam. Ríomh an táirgeacht chéatadánach.

[4]


Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

- 17 Is móilíní fadslabhrúla iad polaiméirí a tháirgtear trí imoibriú suimiúcháin nó trí imoibriú comhdhlúthúcháin. Is iad poileistir agus polaimídí an dá phríomhchineál de pholaiméir comhdhlúthúcháin.

- (a) Déantar an pholaimíd níolón 6,6 trí imoibriú comhdhlúthúcháin idir 1,6-dé-aimínheacsán agus aigéad heacsáindé-óch. Tarraing cuid den pholaiméir ina dtaispeántar **dhá** aonad athfhillteacha.

[3]

- (b) Anseo thíos tá an t-aonad athfhillteach den pholaiméir PET:



- (i) Tarraing an struchtúr atá ar an cheann is lú den dá monaiméir.


[1]

- (ii) Ainmnigh an monaiméir seo.

[1]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

- (c) Is polaimíd é *Kevlar* a bhíonn in úsáid le seaicéid philéardhíonacha a dhéanamh. Tá cuid den slabhra polaiméire anseo thíos.




- (i) Cá mhéad aonad athfhillteach atá ann?

_____ [1]

- (ii) Tabhair na struchtúir atá ar an dá mhonaiméir is féidir a úsáid le *Kevlar* a tháirgeadh.

[2]

- (d) Tá cuid de pholaiméir suimiúcháin anseo thíos:



Ainmnigh an monaiméir a bhí in úsáid leis an pholaiméir seo a tháirgeadh.

_____ [2]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh
sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.